Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0232(COD)

11.12.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE a mhéid a bhaineann le substaintí a chur léi agus teorainnluachanna a leagan síos in Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann léi
(COM(2025)0418 – C10-0180/2025 – 2025/0232(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir don tuairim: Liesbet Sommen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 24

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 26

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE a mhéid a bhaineann le substaintí a chur léi agus teorainnluachanna a leagan síos in Iarscríbhinní I, III agus IIIa a ghabhann léi (COM(2025)0418 – C10-0180/2025 – 2025/0232(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0418),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 153(1) agus 2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0180/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Cumhdaítear le Treoir 2004/37/CE substaintí nó meascáin a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe i gcatagóir 1A nó 1B mar charcanaigin, substaint shó-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh, mar a leagtar amach in	(2) Cumhdaítear le Treoir 2004/37/CE substaintí ***agus*** meascáin a chomhlíonann na critéir le haghaidh a n-aicmithe i gcatagóir 1A nó 1B mar charcanaigin, substaint shó-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh, mar a leagtar

Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], chomh maith le substaintí, meascáin ***nó*** próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Tá fianaise eolaíoch láidir le soláthar maidir le haon ábhar nua a chuirtear leis an liosta substaintí, meascán agus próiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn I sin chun a léiriú go dtagann na substaintí, na meascáin agus na próisis sin faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE, bunaithe ar a bhfuil ar fáil d'fhoinsí eolaíocha bailí amhail ECHA, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC) agus comhlachtaí náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar litríocht fhoilsithe phiarmheasúnaithe maidir leis an tsubstaint sin.

amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], chomh maith le substaintí, meascáin ***agus*** próisis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Tá fianaise eolaíoch láidir le soláthar maidir le haon ábhar nua a chuirtear leis an liosta substaintí, meascán agus próiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn I sin chun a léiriú go dtagann na substaintí, na meascáin agus na próisis sin ***faoi*** raon feidhme Threoir 2004/37/CE, bunaithe ar a bhfuil ar fáil d'fhoinsí eolaíocha bailí amhail ECHA, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC) agus comhlachtaí náisiúnta, agus aird ar leith á tabhairt ar litríocht fhoilsithe phiarmheasúnaithe maidir leis ***na substaintí, na meascáin agus na próisis sin.***

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse múch tháthúcháin a aicmiú mar shubstaint atá 'carcanaigineach don duine' (Grúpa 1 d'aicmiú na Gníomhaireachta). De réir staidreamh scóipe ECHA[7], tá múch ***tháthúcháin*** casta agus d'fhéadfaí a	(3) Rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse múch tháthúcháin a aicmiú mar shubstaint atá 'carcanaigineach don duine' (Grúpa 1 d'aicmiú na Gníomhaireachta). De réir staidreamh scóipe ECHA, tá múch ***ó tháthú agus ó phróisis a ghineann múch***

áireamh léi carcanaiginí, substaintí só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, amhail comhdhúile cróimiam(VI), comhdhúile nicile, agus caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha. Cuireann castacht agus ilchineálacht na múiche táthúcháin, mar aon le heaspa aicmiú comhchuibhithe i Rialachán (CE) 1272/2008, le heaspa soiléireachta maidir leis an gcontúirt a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi d'oibrithe, agus, dá bhrí sin, le heaspa bearta bainistithe riosca iomchuí san áit oibre. Dá dtabharfaí aghaidh ar an easpa aicmithe sin le haghaidh múch tháthúcháin ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí tuilleadh soiléireachta dlíthiúla i dtéarmaí chur i bhfeidhm Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir le tuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[8], obair a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, ar obair í a bhaineann le nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí a chomhlíonann ***na critéir maidir le substaint nó meascán a chomhlíonann*** na critéir le haghaidh a aicmithe nó a haicmithe mar charcanaigin, substaint shó-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

ar bhealach comhchosúil, casta agus d'fhéadfadh carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a bheith san áireamh iontu, amhail comhdhúile cróimiam (VI), comhdhúile nicile, caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha. Cuireann castacht agus ilchineálacht an táthaithe ***agus múch eile,*** mar aon le heaspa aicmiú comhchuibhithe i Rialachán (CE) 1272/2008, le heaspa soiléireachta maidir leis an gcontúirt a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi d'oibrithe, agus, dá bhrí sin, le heaspa bearta bainistithe riosca iomchuí san áit oibre. Dá dtabharfaí aghaidh ar an easpa aicmithe sin le haghaidh múch tháthúcháin ar leibhéal an Aontais, d'áiritheofaí tuilleadh soiléireachta dlíthiúla i dtéarmaí chur i bhfeidhm Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an tuairim ón Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, obair a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE lena mbaineann nochtadh do mhúchanna ó tháthú ***agus ó*** phróisis ***a ghineann múch ar bhealach comhchosúil,*** ina bhfuil substaintí ***nó meascáin*** a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Sainaithníodh ***sa tuairim sin ón gCoiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[8] freisin*** an gá atá le bearta breise chun éifeachtaí sláinte an nochta do cháithníní ó mhúch táthúcháin agus ó fhoinsí eile a laghdú, lena n-áirítear teorainn ghinearálta deannaigh a bhunú faoi Threoir 98/24/CE ón gComhairle[8a]. ***Ina theannta sin, mhol an Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair go bhforbrófaí treoir maidir le múch táthúcháin. I dteannta treoracha atá ann cheana, amhail an Treoir do Chigirí Náisiúnta Saothair maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte a bhaineann le múch tháthúcháin a d'fhorbair Coiste na Cigireachta***

Sinsearacha Saothair in 2018, d'fhéadfadh treoir bhreise, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí, a bheith ríthábhachtach chun cabhrú le cigirí saothair agus le fiontair, go háirithe micrifhiontair agus FBManna agus, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an iontráil ábhartha maidir le múch táthúcháin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. D'fhéadfaí an treoir sin a úsáid, inter alia, chun íosleibhéal coiteann cosanta a chur chun cinn do gach oibrí a nochtar do mhúch tháthúcháin ar fud na mBallstát. Is iomchuí freisin don Choimisiún tosaíocht a thabhairt don mheasúnú i dtaobh an iomchuí tuilleadh treorach chun meastóireacht a dhéanamh ar Chreat Straitéiseach reatha an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair agus chun Creat Straitéiseach féideartha an Aontais tar éis 2027 a fhorbairt.

---

[7] An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2022), Tuarascáil ar Staidéar Scóipe chun meastóireacht a dhéanamh ar theorainnluachanna le haghaidh múch táthúcháin agus múch ó phróisis eile a ghineann múch ar bhealach comhchosúil san ionad oibre, ar fáil ag: report_welding_fumes_en.pdf (europa.eu)

[8] An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2023), Tuairim maidir le hobair a thabhairt isteach lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh chatagóir CMR 1A/1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CLP, Doic. 006/23, le fáil ag: An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, Tuairim ghlactha, Múch tháthúcháin 22.09.23-EN.pdf (europa.eu)

---

[7] An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2022), Tuarascáil ar Staidéar Scóipe chun meastóireacht a dhéanamh ar theorainnluachanna le haghaidh múch táthúcháin agus múch ó phróisis eile a ghineann múch ar bhealach comhchosúil san ionad oibre, ar fáil ag: report_welding_fumes_en.pdf (europa.eu)

[8] An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2023), Tuairim maidir le hobair a thabhairt isteach lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh chatagóir CMR 1A/1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán CLP, Doic. 006/23, le fáil ag: An Coiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, Tuairim ghlactha, Múch tháthúcháin 22.09.23-EN.pdf (europa.eu)

[8a] Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus

sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/oj).

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I gcás cóbailt agus a chomhdhúile neamhorgánacha, ***tuartar go mbeidh sé deacair cloí le teorainnluach 0,01 mg/m³ don chodán in-ionanálaithe agus 0,0025 mg/m³ don chodán inanálaithe sa ghearrthéarma. Is iomchuí, dá bhrí sin, idirthréimhse 6 bliana a thabhairt isteach tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tréimhse ar cheart*** feidhm a bheith ag na teorainnluachanna 0,02 mg/m³ (codán in-ionanálaithe) agus 0,0042 mg/m³ (codán inanálaithe) ***lena linn***.	(6) Maidir le cóbalt agus a chomhdhúile neamhorgánacha, ba cheart feidhm a bheith ag na teorainnluachanna 0,02 mg/m3 (codán in-ionanálaithe) agus 0,0042 mg/m3 (codán in-ionanálaithe).

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Comhlíonann 1,4-dé-ocsán na critéir le haghaidh a aicmithe mar shubstaint charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon le tuairimí an choiste um measúnú	(9) Comhlíonann 1,4-dé-ocsán na critéir le haghaidh a aicmithe mar shubstaint charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon le tuairimí an choiste um measúnú

riosca agus an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, teorainnluach nochta ceirde fadtéarmach agus gearrthéarmach de 7,3 mg/m³ (2 ppm) agus 73 mg/m³ (20 ppm), faoi seach, a bhunú arna fhorlíonadh le nodaireacht maidir le craiceann agus teorainnluach bitheolaíoch de 45 mg HEAA i gcréitínín fuail/g, ag deireadh an nochta nó an tseala.

[12] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/61801

riosca agus an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, teorainnluach nochta ceirde fadtéarmach agus gearrthéarmach de 7,3 mg/m³ (2 ppm) agus 73 mg/m³ (20 ppm), faoi seach, a bhunú arna fhorlíonadh le nodaireacht maidir le craiceann agus teorainnluach bitheolaíoch de 45 mg HEAA i gcréitínín fuail/g, i bhfual/g créitínín, ***arna thomhas*** ag deireadh an nochta nó an tseala.

[12] https://echa.europa.eu/oels-activity-list/-/substance-rev/61801

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Ba cheart a chur san áireamh in oibleagáidí na bhfostóirí a leagtar síos sa Treoir seo go bhfuil acmhainní teoranta airgeadais, teicniúla agus daonna ag micrifhiontair agus FBManna, ar tromlach mór na bhfiontar san Aontas iad. Chun an chosaint is airde is féidir a áirithiú d'oibrithe i ngach fiontar, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar chur chun feidhme na Treorach seo agus ar an ualach riaracháin gaolmhar ar na fiontair sin, chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh, agus béim ar leith á leagan ar mhicrifhiontair, agus chun torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú. Ar an gcaoi sin, ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go dtugtar cosaint chomhionann do gach oibrí agus go ndéanfaidís comhlíonadh na micrifhiontar agus na FBManna a éascú. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh bearta sonracha, amhail tacaíocht airgeadais agus riaracháin, cabhrú le micrifhiontair agus FBManna na

hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir 2004/37/CE a chomhlíonadh a thuilleadh agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh san ionad oibre, rud a rachadh chun tairbhe do na hoibrithe uile.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12b) Úsáidtear cóbalt i roinnt earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i nDlí Aeráide an Aontais, amhail earnáil na gceallraí, a bhaint amach. Is tosaíochtaí de chuid an Aontais iad an t-aistriú tionsclaíoch a chur chun cinn, an geilleagar ciorclach a spreagadh agus an neamhspleáchas straitéiseach idirnáisiúnta in amhábhair a chothabháil agus a fheabhsú.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12c) Mar gheall ar airíonna díobhálacha cóbailt agus a chomhdhúl neamhorgánach, ní mór athlonnú fiontar próiseála cóbailt chuig tríú tíortha nach bhfuil rialacháin sábháilteachta agus sláinte ceirde chomh dian céanna acu a sheachaint i gcónaí.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12d) Meastar go bhfuil cuid de na substaintí a chumhdaítear leis an Treoir seo, amhail cóbalt, fíor-riachtanach chun uathriail straitéiseach an Aontais a chosaint agus chun athléimneacht príomhshlabhraí luacha tionsclaíocha a áirithiú. I gcás na substaintí sin, in éagmais roghanna malartacha iomchuí, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na tairbhí socheacnamaíocha a eascraíonn as a n-úsáid leanúnach in aghaidh na rioscaí d'oibrithe sna hearnálacha ábhartha. I bhfianaise na réaltachtaí geopholaitiúla atá ag teacht chun cinn agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shlabhraí soláthair agus ar spleáchais straitéiseacha, ba cheart na measúnuithe sin a athbhreithniú go tráthrialta. Ar bhonn na measúnuithe sin, agus i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí spriocdhírithe agus teoranta ó theorainnluachanna atá ann cheana nó ó theorainnluachanna nua, atá teoranta go docht do ghníomhaíochtaí ina bhfuil na húsáidí sin fós fíor-riachtanach do leasanna straitéiseacha an Aontais.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12e) Is minic nach ann do shonraí uile-Aontais ó fhadhbanna sláinte a bhaineann leis an obair mar gheall ar nochtadh do chóbalt agus dá chomhdhúile neamhorgánacha, do hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, d'isipréin agus do 1,4-dé-ocsain, nó nach mbíonn siad iontaofa nó leordhóthanach. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte agus moltaí a fhorbairt maidir le bailiú sonraí ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar na clárlanna tuairiscithe agus risíochtaí.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12f) Ba cheart grinnscrúdú rialta a dhéanamh ar na teorainnluachanna a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart athbhreithniú dian a dhéanamh orthu gach 5 bliana ar a laghad ar bhonn an dul chun cinn san eolas agus sna teicneolaíochtaí, chun comhsheasmhacht leanúnach le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus le forbairtí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha a áirithiú.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12g) Is minic a nochtar oibrithe do mhanglam substaintí guaiseacha san

ionad oibre, rud a d'fhéadfadh rioscaí a mhéadú agus éifeachtaí díobhálacha sláinte a chruthú. I gcás nochtadh do theaglaim de shubstaintí atá ag gníomhú tríd an modh gníomhaíochta céanna nó ag an sprioc-chill nó ag an bhfíochán céanna, is gá cur chun feidhme a dteorainnluachanna féideartha a oiriúnú chun na héifeachtaí carntha a chur i gcuntas.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12h) Le Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], leathnaíodh raon feidhme Threoir 2004/37/CE chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a áireamh, lena n-áirítear mearcair agus comhdhúile neamhorgánacha défhiúsacha mearcair, a cuireadh le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE. Ós rud é nach féidir gach comhdhúil mearcair neamhorgánach débhlaoscach a aicmiú mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an teorainnluach ach amháin maidir le mearcair agus comhdhúile mearcair neamhorgánacha débhlaoscacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE. Dá bhrí sin, ba cheart an téarma 'comhdhúile mearcair agus comhdhúile mearcair débhlaoscacha neamhorgánacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/37/CE (arna dtomhas mar mhearcair)' a chur in ionad an téarma 'comhdhúile mearcair agus comhdhúile mearcair débhlaoscacha neamhorgánacha lena n-áirítear ocsaíd mhearcair agus clóiríd mhearcair (arna

dtomhas mar mhearcair)'.

[1a.] Treoir (AE) 2022/431 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh ag an obair do charcanaiginí nó do shó-ghineacha (IO L 88, 16.3.2022, lch. 1).

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12i) Sásaíonn isipréin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í de réir bhrí Threoir 2004/37/CE. Is iomchuí, dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, lena n-áirítear na tuairimí ón gCoiste um Measúnú Riosca agus ón gCoiste Comhairleach um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, teorainnluach fadtéarmach nochta ceirde dar luach 8.5 mg/m3 (3 ppm) a bhunú.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 j (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12j) Tá baol ann go nochtfaí lucht múchta dóiteán agus pearsanra seirbhísí éigeandála do charcanaigin, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh le linn a

gcuid oibre. Rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte nochtadh ceirde lucht múchta dóiteán a aicmiú mar nochtadh carcanaigineach. Le nochtadh ceirde lucht múchta dóiteán, áirítear réimse guaiseacha éagsúla ó dhóiteáin agus ó eachtraí eile nach iad. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh fostóirí comhraiceoirí dóiteáin, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin deonacha, agus pearsanra seirbhísí éigeandála measúnú, i gcomhréir le Treoir 2004/37/CE, ar an riosca nochta do charcanaiginí, do shó-ghineacha agus do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, agus go ndéanfadh na fostóirí sin na bearta is gá chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe sin a chosaint.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12k) Is gá oiliúint leordhóthanach agus iomchuí a chur ar oibrithe nuair a nochtar nó nuair is dócha go nochtfar do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh iad, lena n-áirítear iad siúd atá i dtáirgí íocshláinte guaiseacha áirithe. An oiliúint a cheanglaítear ar an bhfostóir a chur ar fáil de bhun Airteagal 11 de Threoir 2004/37/CE, ba cheart í a oiriúnú chun riosca nua nó athraithe a chur san áireamh, go háirithe nuair a nochtar oibrithe do charcanaiginí nua, do shó-ghineacha nua nó do shubstaintí nua atá tocsaineach don atáirgeadh nó do roinnt carcanaiginí éagsúla, só-ghineacha éagsúla nó substaintí éagsúla atá tocsaineach don atáirgeadh, lena n-áirítear i dtáirgí íocshláinte guaiseacha, nó i gcás athrú ar dhálaí a bhaineann leis

an obair.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12 l (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12l) Ní léirítear difríochtaí inscne-shonracha i bpatrúin nochta, soghabháltacht fhiseolaíoch agus torthaí sláinte go leordhóthanach fós sa taighde sábháilteachta agus sláinte ceirde, go háirithe i ndáil le rioscaí ceimiceacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i measúnuithe ar athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar an Treoir seo.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe a – pointe ii

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):
(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin;	‘(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a ***áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin mar gheall ar a héifeachtaí carcanaigineacha;’;***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 a (nua)
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b – pointe ii

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1a) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):
(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin;	‘(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a ***áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin mar gheall ar a héifeachtaí carcanaigineacha;’;***

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 b (nua)
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe ba

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1b) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ba):
(ba) ciallaíonn ‘substaint atá tocsaineach don atáirgeadh’ substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó aicmiú mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;	‘(ba) ciallaíonn ‘substaint atá tocsaineach don atáirgeadh’
	(i) substaint nó meascán a chomhlíonann na critéir lena haicmiú nó lena aicmiú mar shubstaint atá toscaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;

(ii) substaint, meascán nó próiseas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chomh maith le substaint nó meascán a scaoiltear trí phróiseas dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin, a áirítear sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin mar gheall ar a héifeachtaí atá tocsaineach don atáirgeadh;';

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 c (nua)
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 10 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1c) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'2a. Beidh oibrithe i dteideal sosanna comhréireacha agus rialta agus trealamh cosanta á chaitheamh acu.';

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 b (nua)
Treoir 2004/37/CE
Airteagal 18a – pointe 7

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1d) in Airteagal 18a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:
7. Tráth nach déanaí ná ***an 31 Nollaig 2024***, déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur i gcuntas aige, ***agus tar éis comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis na geallsealbhóirí ábhartha,*** teorainnluach le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha a mholadh, ***i gcás***	'7. Tráth nach déanaí ná... ***[ceithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo],*** déanfaidh an Coimisiún, agus na forbairtí is déanaí san eolas eolaíoch á gcur san áireamh, ***meastóireacht ar an teorainnluach*** le haghaidh cóbailt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha ***trí mheasúnú tionchair***

inarb iomchuí.	***nua a dhéanamh agus na réaltachtaí geopholaitiúla atá ag teacht chun cinn agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais á gcur san áireamh, agus an chosaint is airde is féidir d'oibrithe nochta á caomhnú ag an am céanna. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, togra reachtach a thíolacadh chun an teorainnluach sin a ísliú.';***

Or. en

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02004L0037-20240408

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1 – pointe -1 (nua)
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – teideal

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
Liosta substaintí, meascán agus próiseas (Airteagal 2, pointí (a)(ii) agus (b)(ii))	'Liosta substaintí, meascán agus próiseas (Airteagal 2, pointí (a)(ii),***(b)(ii) agus (ba)(ii))***';

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 1
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn I – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Obair lena mbaineann nochtadh do mhúch ó phróisis táthúcháin ina bhfuil substaintí a chomhlíonann ***na critéir maidir le substaint nó meascán a chomhlíonann*** na critéir le haghaidh a	9. Obair lena mbaineann nochtadh do mhúch ó tháthú ***agus ó*** phróisis ***a ghineann múch ar bhealach comhchosúil,*** ina bhfuil substaintí a chomhlíonann na critéir lena n-aicmiú mar charcanaigin, só-

haicmithe nó a aicmithe mar charcanaigin, substaint shó-ghineach nó substaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 1272/2008[1];	ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[1];
[1] Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach do charcanaigin, do shó-ghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III nuair a scaoiltear na substaintí sin le linn phróiseas an táthúcháin.	[1] Ní rachaidh an nochtadh thar an teorainnluach do charcanaigin, do shó-ghineach nó do shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III nuair a scaoiltear na substaintí sin le linn phróiseas an táthúcháin.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 2 – pointe c
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – ró 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

			Teorainnluachanna							
			8 n-uair an chloig (3)			*Gearrthéarmach (4)*				
Ainm an oibreáin	Uimh. EC (1)	Uimh. CAS (2)	mg/m3 (5)	csm (6)	f/ml(7)	mg/m 3	csm	f/ml	Nodaireacht	Bearta idirthréimhse eacha
Cóbalt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha			***0,01(11) 0,0025 (9)***		-	-	-	-	íogrú craicinn agus riospráide(13)	***Teorainnluach de 0,02(11) agus 0,0042(9) go dtí …[OI: sé bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí]***

(9) Codán inanálaithe.

(11) Codán in-ionanálaithe.

Leasú

Ainm an oibreáin	Uimh. EC (1)	Uimh. CAS (2)	mg/m3 (5)	csm (6)	f/ml(7)	mg/m 3	csm	f/ml	Nodaireacht	Bearta idirthréimhse eacha
Cóbalt agus comhdhúile cóbailt neamhorgánacha			***0,02(16b) 0,0042 (16a)***		-	-	-	-	íogrú craicinn agus riospráide(13)	***scriosta***

(16a) Codán inanálaithe, arna thomhas mar Chóbailt.

(16b) Codán in-ion-análaithe, arna thomhas mar Chóbailt.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 2 – pointe c
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn III – pointe A – tábla – ró 42 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ainm an oibreáin	Uimh. EC ([1])	Uimh. CAS (2)	mg/m^3 ([5])	csm ([6])	f/ml([7])	mg/m ^{3}	csm	f/ml	Nodaireacht	Bearta idirthréimhse eacha
Isipréin	***201-143-3***	***78-79-5***	***8,5***	***3***	-	-	-	-		

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn – mír 1 – pointe 3
Treoir 2004/37/CE
Iarscríbhinn IIIa

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é 45 mg HEAA* i gcréitínín fuail/g an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach.’	Is é 45 mg HEAA*i gcréitínín fuail/g an teorainnluach bitheolaíoch ceangailteach***,** ***arna thomhas ag deireadh an nochta nó an athraithe***.’

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá nochtadh ceirde do shubstaintí guaiseacha fós ar cheann de na rioscaí is tromchúisí do shláinte oibrithe san Aontas Eorpach. Gach bliain, bíonn thart ar 120,000 cás ailse a ann a bhaineann leis an obair mar thoradh ar nochtadh do charcanaiginí ag an obair san Aontas, rud a fhágann go bhfaigheann thart ar 80,000 duine bás gach bliain. Ó glacadh den chéad uair í in 2004, rinneadh athbhreithniú cúig huaire ar an treoir maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha, agus tugtar aghaidh inti anois ar 28 substaint is cúis le hailse. Tacaíonn an t-athbhreithniú sin le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa agus le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021–2027, lena gcuirtear chun cinn cur chuige ‘fís nialais’ i leith básanna a bhaineann leis an obair.

Leis an séú hathbhreithniú ar Threoir 2004/37/CE, leathnaítear an chosaint do na milliúin oibrithe ar fud earnálacha amhail monaraíocht, tógáil, cúram sláinte, seirbhísí éigeandála, bainistiú dramhaíola, agus an geilleagar ciorclach.

Tá traidisiún láidir ag Treoir 2004/37/CE maidir le nós imeachta reachtach ilchéimneach, fianaisebhunaithe agus comhairleach. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh teorainnluachanna athbhreithnithe bunaithe ar mheastóireacht eolaíoch agus ar thuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Tá an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte comhdhéanta d’ionadaithe ó na Ballstáit agus ó na comhpháirtithe sóisialta. Déanann an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch agus shocheacnamaíoch.

Tá ár seasamh bunaithe ar thuairim an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte . Áirítear leis sin teorainnluachanna ceangailteacha nochta ceirde (OEL) a thabhairt isteach le haghaidh cóbailt agus comhdhúile neamhorgánacha cóbailt, hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAHanna), isipréin agus 1,4-dé-ocsain, i gcás ina raibh éagsúlacht mhór sna teorainnluachanna náisiúnta roimhe sin nó ina raibh siad in easnamh. Thairis sin, ba cheart múch tháthúcháin a áireamh, nuair a bhíonn substaintí CMR amhail cróimiam nó nicil iontu, i measc na bpróiseas a chumhdaítear leis an treoir. Chiallódh sé sin nach mór d’fhostóirí bearta cosanta a chur i bhfeidhm agus táthú á dhéanamh acu.

Úsáidtear substaintí amhail cóbalt i roinnt earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i nDlí Aeráide an Aontais a bhaint amach. Tá siad ríthábhachtach d’earnálacha atá lárnach san aistriú tionsclaíoch, lena n-áirítear ceallraí agus ardmhonaraíocht. Tá feabhsú an neamhspleáchais straitéisigh idirnáisiúnta in amhábhair ar cheann de thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, is léir gur gá gan gníomhaíochtaí próiseála cóbailt a athlonnú chuig tíortha nach bhfuil san Aontas agus a bhfuil caighdeáin sábháilteachta ceirde níos laige acu.

I bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ag athrú go tapa agus na n-éifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith aici ar shlabhraí soláthair agus ar spleáchais straitéiseacha, ba cheart don Choimisiún athmheasúnú rialta a dhéanamh ar shubstaintí amhail cóbalt. Agus na measúnuithe sin ina ndúshraith acu, agus i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí spriocdhírithe agus teoranta ó OELanna atá ann cheana nó ó OELanna nua. Ní mór na díolúintí sin a theorannú go docht do ghníomhaíochtaí ina bhfuil na substaintí sin fós riachtanach do leasanna straitéiseacha an

Aontais, agus ní mór cosaint oibrithe a bheith ar an tosaíocht is airde i gcónaí.

Bíonn comhraiceoirí dóiteáin agus pearsanra éigeandála eile neamhchosanta go háirithe ar mheascáin chasta de shubstaintí carcanaigineacha, só-ghineacha agus atá tocsaineach don atáirgeadh. Aicmíonn EDS nochtadh ceirde comhraiceoirí dóiteáin anois mar nochtadh carcanaigineach. Dá bhrí sin, tá measúnuithe riosca sonracha, bearta cosanta leordhóthanacha agus faireachas leighis spriocdhírithe de dhíth orainn le haghaidh na n-oibrithe ardriosca sin. Tá teorainn fós le sonraí iontaofa ar fud an Aontais maidir le nochtadh do shubstaintí amhail cóbalt, hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, isipréin agus 1,4-dé-ocsain. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte agus moltaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar chlárlanna náisiúnta bailithe sonraí agus nochta. Ba cheart go dtacódh treoir fheabhsaithe ón Aontas freisin le cigirí saothair agus le fiontair, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, an treoir a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Áirítear leis sin treoir maidir le múch tháthúcháin agus próisis nochta chomhchosúla, ag baint leas as uirlisí atá ann cheana amhail treoir SLIC ó 2018, lena n-áirithítear go mbeidh an faireachán bunaithe ar fhianaise agus go mbeidh an forfheidhmiú comhsheasmhach.

Tá idirphlé sóisialta láidir ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach. Tá na comhpháirtithe sóisialta fíor-riachtanach chun rioscaí a shainaithint, chun bearta praiticiúla coisctheacha a cheapadh agus chun cur i bhfeidhm réalaíoch ar fud na n-earnálacha a áirithiú. Ní mór oibleagáidí a bheith fós indéanta do FBManna agus do mhicrifhiontair, a oibríonn go minic le hacmhainn theoranta airgeadais agus theicniúil. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchair riaracháin agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar gan cur isteach ar chosaint chomhionann do gach oibrí. Tá ceart soiléir tugtha isteach agam d'oibrithe sosanna comhréireacha agus rialta a ghlacadh agus trealamh cosanta á úsáid acu, rud a léiríonn breithnithe sábháilteachta agus folláine araon.

Níl difríochtaí inscne i bpatrúin nochta, freagairtí fiseolaíocha agus torthaí sláinte comhtháite go leordhóthanach i dtaighde sábháilteachta ceirde. Dá bhrí sin, ní mór dúinn gné na hinscne a ionchorprú go córasach i measúnuithe amach anseo.

Tá ceanglais oiliúna ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfaighidh oibrithe faisnéis shoiléir atá cothrom le dáta aon uair a thagann rioscaí nua chun cinn, lena n-áirítear an iliomad substaintí guaiseacha nó táirgí íocshláinte guaiseacha a láimhseáil. Áirithítear leis an gcur chuige sin go bhfuil an oiliúint ábhartha go díreach do na cúraimí a dhéantar agus do na rioscaí a thagann chun cinn.

Is céim chinntitheach é an t-athbhreithniú seo chun ailsí ceirde agus éifeachtaí sláinte fadtéarmacha eile a chosc ar fud an Aontais Eorpaigh. Neartaíonn sé sláine eolaíoch, deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint d'oibrithe in earnálacha ardriosca agus tacaíonn sé le hathléimneacht thionsclaíoch agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa ag an am céanna. Áirithítear leis go dtacaítear le FBManna na rialacha a chur i bhfeidhm agus caighdeáin chomhionanna cosanta á gcoinneáil do gach oibrí ag an am céanna. Thar aon ní eile, athdhearbhaítear leis an athbhreithniú sin an bunphrionsabal go bhfuil an ceart ag gach oibrí san Aontas Eorpach chun timpeallacht oibre atá sábháilte, sláintiúil agus inbhuanaithe.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
European Trade Union Confederation (ETUC)
Algemeen Christelijk Vakverbond (ACV)
BusinessEurope
Council of European Employers of the Metal, Engineering and Technology-based Industries (CEEMET)
Agoria
Cobalt Institute
Duracell
European Commission - DG Employment
Permanent Representation of Cyprus to the EU
Permanent Representation of Denmark to the EU
Permanent Representation of Belgium to the EU
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)